Bearta Molta– Plean Teanga Dhaingean Uí Chúis / *Suggested Actions for Dingle Language Plan*

1. Saoráidí Sóisialta agus Caitheamh Aimsire / *Recreational Events and Facilities*

Beart 1.1 – Club Leabhar as Gaeilge / *Irish language book club*

Beart 1.2 – Club Scannán as Gaeilge / *Film Club for Irish language films*

Beart 1.3 – Ranganna Cócaireachta as Gaeilge / *Cooking classes through Irish*

Beart 1.4 – Polasaí Teanga a chur le chéile do Chumann Rothra Dhaingean Uí Chúis, Cumann Lúthchleas Gael Dhaingean Uí Chúis, Transition Chorca Dhuibhne, agus cabhrú leo iad a chur i bhfeidhm / *To develop a language policy for Dingle Rotary Club, the GAA and Transition Corca Dhuibhne, and to help them to implement it.*

Beart 1.5 – Tacaíocht agus cabhair a chur ar fáil d'Fhéile na Bealtaine agus d'Fhéilte eile i nDaingean Uí Chúis chun a chinntiú go mbeidh an Ghaeilge lárnach iontu / *Support and help to be provided to Feile na Bealtaine and the other festivals in Dingle to ensure a strong presence of the language in their events.*

Beart 1.6 – Féile na Gaeilge (Féile Bhliantúil) a bhunú i nDaingean Uí Chúis / *A new festival celebrating the Irish language taking place on an annual basis.*

Beart 1.7 – Cuirfear sraith imeachtaí Gaeilge ar siúl i rith an Gheimhridh do mhuintir an bhaile / *A series of Irish language events to be organised for the townspeople during the winter.*

Beart 1.8 – Lárionad Gaeilge a bheith ar fáil i mBaile Dhaingean Uí Chúis / *A central place or venue to be made available for the Irish language in Dingle.*

Beart 1.9 – Áiseanna agus imeachtaí a chur ar fáil d'óige an cheantair bunaithe ar na riachtanais atá acu (ag eascairt as an taighde) / *Facilities to be provided and events organised for the youth of the area, depending on their needs arising from the research.*

2. An Córas Oideachais / *Education*

Beart 2.1 – Scéim na gCúntóirí Teanga i scoileanna Dhaingean Uí Chúis / *To ensure Dingle schools benefit from the Language Assistants' Scheme.*

Beart 2.2 – Scéim ar nós *An Droichead* a bhunú i mBunscoileanna Dhaingean Uí Chúis / *To start a scheme similar to An Droichead (The Bridge) in Dingle primary schools.*

Beart 2.3 – Seisiúin Scéalaíochta/Amhránaíochta/Cheoil a bheith ar siúl do dhaoine óga i mBaile Dhaingean Uí Chúis / *Organise storytelling, song and music sessions for young people in Dingle.*

Beart 2.4 – Ranganna Gaeilge a reachtaíl do thuismitheoirí na leanaí sa naíonra i nDaingean Uí Chúis / *Organise Irish language classes for parents of the children in the playschool in Dingle.*

Beart 2.5 – Ciorcal Comhrá seachtainiúil a reachtáil a bhogann timpeall in aghaidh na míosa / *Organise a weekly Conversation Circle to move from venue to venue each month.*

3. An Earnáil Ghnó – Siopaí, Forbairtí Tionsclaíochta agus Turasóireachta /*The Business Sector – Shops, Businesses and Tourism*

Beart 3.1 – Ranganna Gaeilge d'fhostaithe i mBaile Dhaingean Uí Chúis / *Organise Irish language classes for employees in Dingle town.*

Beart 3.2 – Gradam Gnó a bhunú dos na gnóthaí agus na comhlachtaí is fearr ó thaobh na Gaeilge de/ *Found a business award for those businesses and companies who excel in using and promoting the language.*

Beart 3.3 – Suaitheantais a bheith á gcaitheamh ag fostaithe chun a chur in iúl go bhfuil Gaeilge acu agus an suaitheantas céanna a bheith ar fáil don bpobal /*To make badges available to employees indicating that they have Irish and to make the same badge available to members of the public.*

Beart 3.4 – Seimineár a eagrú do lucht gnó an bhaile / *To organise a seminar for the business people of Dingle providing help and information regarding the advantages accruing to them from the Irish language.*

Beart 3.5 – Bileog eolais faoi bhuntáistí na Gaeilge a tháirgeadh agus é a scaipeadh i measc lucht gnó an bhaile /*To compose and distribute an information leaflet regarding the advantages of Irish to the business people of the town.*

Beart 3.6 – Polasaí teanga a aontú le *Other Voices* / *To agree a language policy with Other Voices.*

Beart 3.7 – Bileoga agus cártaí beaga a tháirgeadh le frásaí bunúsacha Gaeilge agus iad a scaipeadh ar fud an bhaile / *To produce leaflets and small cards with basic Irish phrases and to distribute them about the town.*

Beart 3.8 – Leath-leathanach breise as Gaeilge i *Corca Dhuibhne Beo* / *An extra half-page in Irish in West Kerry Live.*

Beart 3.9 – Tacú le gnónna fógraíocht a dhéanamh as Gaeilge agus leaganacha suímh idirlín a fhorbairt trí sheirbhís aistriúcháin a bheith ar fáil dóibh saor in aisce. Spreagfar na siopaí, gnónna agus bialanna chun a gcuid ainmeacha a chur in airde as Gaeilge, biachláir dhátheangach a bheith ar fáil, srl. / *To support businesses to advertise through Irish, to present signage in Irish and to develop versions of their websites in Irish through providing a translation service.*

Beart 3.10 – Stádas agus feiceálacht na Gaeilge a ardú ar an mbaile / *To raise the status and visibility of the language in the town.*

Beart 3.11 – Déanfar fógra ollmhór a dhearadh agus a chur in airde ag pointí iontrála an bhaile agus ag láthair suntasacha mórthimpeall an bhaile. Cuirfear béim ar ilteangachas seachas dhátheangachas ar na fógraí seo / *Very large signs will be designed and erected at the entry points to the town and at other significant sites within it. The emphasis on these will be on multilingualism rather than bilingualism.*

Beart 3.12 – Nasc a chruthú idir shuíomh idirlín Chomhaontas Turasóireachta Chorca Dhuibhne agus www.duchasandaingin.ie, agus eolas a bheith ar an dá shuíomh faoi na gnónna go bhfuil seirbhís á cur ar fáil trí Ghaeilge acu / *To create a link between the internet site of the Dingle Business and Tourism Alliance and* www.duchasandaingin.ie*, and information to be available on both sites regarding services available to them through Irish.*

Beart 3.13 – Fógraí a chur in airde le beannachtaí séasúrach i nGaeilge ag amanna difriúla den bhliain (Nollaig, Cáisc srl.) / *Signs to be erected with seasonal greetings in Irish at the different times of year (Christmas, Easter etc.).*

Beart 3.14 – Bunrang Gaeilge a chur ar fáil do chuairteoirí agus fáilte a chur rompu ag na ciorcail comhrá agus ag an lárionad Gaeilge / *A Basic Irish class to be provided for visitors and they to be welcome at the Conversations Circles and the Irish Language centre.*

Beart 3.15 – Comórtas “Fuinneog Ghaelach” do shiopaí ar an mbaile a bhunú / *An ‘Irish Window’ competition for the shops of the town to be set up.*

4. Seirbhísí Poiblí/Public Services

Beart 4.1 – Tacú le Leabharlann Dhaingean Uí Chúis seirbhís trí Ghaeilge a chur ar fáil do phobal an bhaile / *To assist Dingle Library to provide services through Irish to the people of the town.*

Beart 4.2 – Ciorcal Comhrá seachtainiúil le bheith ar siúl sa Leabharlann i rith thréimhse chur i bhfeidhm an phlean teanga / *To organise weekly Conversation Circles in the Library during the period of the implementation of the Language Plan.*

Beart 4.3 – Seisiúin scéalaíochta do leanaí óga a reachtáil trí Ghaeilge go rialta sa Leabharlann / *To organise storytelling sessions for young children through Irish regularly in the Library.*

Beart 4.4 – Fógraí agus bileoga eolais le bheith ar fáil i gClinicí Leighis Dhaingean Uí Chúis / *Notices and information leaflets through Irish to be provided in the Medical Clinics in Dingle.*

Beart 4.5 – Fiosrú a dhéanamh an féidir le hAifreann as Gaeilge a bheith ar fáil níos minicí / *To investigate the possibility of mass through Irish being made available more often.*

Beart 4.6 – Tacú leis na pleananna sean-ospidéal an bhaile a fhorbairt mar ionad gnó pobail agus ealaíne / *To support the plans to convert the old hospital in the town into a centre for business, community and the arts.*